Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11009 — PON.BIKE / VWFS / GLINICKE / DML)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 41/09)

1. An 25 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Pon Holdings B.V. ("PON", an Ísiltír),

— Volkswagen Financial Services Aktiengesellschaft ("VWFS", an Ghearmáin),

— Glinicke Finanz Holding GmbH & Co. KG ("Glinicke", an Ghearmáin),

— Digital Mobility Leasing GmbH ("DML", an Ghearmáin).

Gheobhaidh PON, VWFS agus Glinicke rialú comhpháirteach ar DML ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— I gcás PON, an infheistíocht fhadtéarmach i raon réimsí a bhaineann leis an tsoghluaisteacht, idir fheithiclí paisinéirí agus tráchtála agus rothair agus mheaisíní tógála bóthair agus crécharta, ghineadóirí agus réitigh iomlána don tionscal loingseoireachta,

— I gcás VWFS, gluaisteáin phaisinéirí agus feithiclí eile a fhorbairt, a mhonarú, a mhargú agus a dhíol, lena n-áirítear páirteanna spártha agus gabhálais. Bíonn Volkswagen ag gabháil do dháileadh feithiclí freisin. Thairis sin, baineann gníomhaíochtaí maoinithe Volkswagen le maoiniú do dhéileálaithe agus do chustaiméirí, léasú, baincéireacht dhíreach agus gníomhaíochtaí árachais,

— I gcás Glinicke, gníomhaíochtaí déileálaithe mótarfheithiclí ilbhranda ar fud na Gearmáine, chomh maith le seirbhísí coimhdeacha gaolmhara amhail carr a fháil ar cíos, seirbhísí aisghabhála agus cíos flít,

— I gcás DML, gníomhaíochtaí a bhaineann le réitigh léasaithe, go príomha i réimse na rothar leictreach, do dhaoine féinfhostaithe, do lucht trádála agus do chuideachtaí meánmhéide ó bheagnach gach tionscal.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11009 — PON.BIKE / VWFS / GLINICKE / DML

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË